Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

# Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig na nOibreacha Poiblí (an Oifig) ar sheirbhísí a riarann an Oifig sin, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €921,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Feidhmíonn an Oifig mar ghníomhaire, agus tabhaíonn caiteachas thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. Leagtar amach i Nóta 2.10 an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann. Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig seirbhísí cliant ar fáil thar ceann an Stáit. Leagtar amach an caiteachas sin i Nóta 1.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in i gCiorclán 27 de 2019, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, gan na nithe thíos san áireamh.

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Aithníonn Oifig na nOibreacha Poiblí luach talún agus foirgneamh mar a leanas:

- Tá measúnachtaí de luach an mhargaidh curtha i bhfeidhm i gcás maoine sa chás go bhfuil comparáidí margaidh ar fáil.
- Rinneadh maoine ardghradaim a luacháil ina gceann agus ina gceann ag úsáid modh luachála an chostais athsholáthair. Tá an costas atógála seo bunaithe ar rátaí margaidh a chur i bhfeidhm.
- Sa chás nach bhfuil comparáidí margaidh ar fáil, déantar maoine a gnóthaíodh nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil bunaithe ar ghnásanna costais tógála agus ar luachanna barúlacha suímh. Déantar maoine a ceannaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh ón 1 Eanáir 1997 a luacháil de réir costais.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha ar luach inréadaithe.

Ní aithnítear caiteachas caipitiúil i roinnt réimsí i Nóta 2.1 Sócmhainní Caipitiúla mar a leanas

- Ní dhéantar caiteachas ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh áirithe a áireamh. Léireofar an t-athrú ar luach ar dháta an chéad luachála eile.
- Ní dhéantar caiteachas ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh atá léasaithe a chaipitliú.
- Níl aon luacháil déanta ar shéadchomharthaí náisiúnta ná ar mhaoin náisiúnta stairiúil.
- Féachtar ar oibreacha fóirithinte tuilte mar shócmhainní infreastruchtúir agus ní dhéantar iad a chaipitliú.
- Tá obair ealaíne a gnóthaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008 san áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin teideal Daingneáin agus Feistis de réir costas stairiúil agus níl athluacháil déantar uirthi. Níl caipitliú déanta ar obair ealaíne a gnóthaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil. Is é an polasaí maidir le dímheas go ndéantar dímheas iomlán bliana a mhuirearú sa bhliain ghnóthaithe/choimisiúnaithe agus ní dhéantar aon dímheas a mhuirearú sa bhliain diúscartha.

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas de réir modh na líne dírí thar a saolré mheasta fhónta, idir cúig bliana agus 20 bliain, lúide luach iarmharach.

Ní dhéantar dímheas ar shócmhainní oidhreachta ná obair ealaíne.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

***Sócmhainní caipitil á bhforbairt***

Déantar caiteachas a dhéantar ar mhaoine atá faoi úinéireacht an Oifig cheana faoi Fho-mhírcheann B6 (oibreacha nua, athruithe agus breiseanna) a chaipitliú faoin gcatagóir ábhartha sócmhainní sa bhliain a dtabhaítear an caiteachas ach amháin i gcás eisceachtaí a leagtar amach thuas nuair nach n-aithnítear caiteachas caipitil mar shócmhainn chaipitiúil. Déantar caiteachas caipitil ar fhorbairtí nua a bhaineann le roinnt tréimhsí cuntasaíochta a chuntas mar shócmhainn chaipitiúil atá á forbairt agus déantar sin a aistriú chuig an gcatagóir ábhartha sócmhainne arna críochnú.

***Íocaíochtaí léasa maoine***

Aithníonn an Oifig íocaíochtaí ar earraí agus seirbhísí sa chás gur cuireadh ar fáil go sásúil iad, gur chuir an soláthraí isteach a chuntas agus ar tugadh an treoir íocaíocht a dhéanamh. I gcás comhaontuithe léasa maoine, bíonn an cíos dlite agus iníoctha a luaithe a chuirtear an tseirbhís ar fáil. Is ansin a bheidh an Oifig sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht. I gcás go mbaineann deacrachtaí dlí nó géilliúlachta, áfach, le híocaíochtaí den chineál sin a dhéanamh le soláthraithe, d’fhéadfadh an OPW an íocaíocht a mhuirearú in aghaidh an Vóta agus na cistí a aistriú go cuntas ar fionraí.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla agus taistil a sholáthar do ghráid státseirbhíse.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras inmheánach don rialáil airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí,
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go bhfuil creat um rialachas corparáideach i bhfeidhm don Oifig.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i dtaca le ceannach, agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Chomhlíon an oifig treoirlínte soláthair sa bhliain 2019 ach amháin i gcás íocaíochtaí €2.959 milliún ar an iomlán i 35 cás.

- Bhain €140,236 le conradh amháin le haghaidh obair speisialaithe phráinneach de chineál slándala.
- Bhain €1,189,526 le híocaíochtaí le hocht soláthróir nuais nach raibh aon chonradh i bhfeidhm tráth an tsoláthair.
- Bhain €440,207 le sé chonradh inar úsáideadh an modh soláthair mícheart.
- Bhain €1,189,307 le 20 conradh a fuarthas ó sholáthraí oiriúnach amháin nó ó chonraitheoir a raibh saineolas speisialaithe aige nó mar gheall ar phráinn.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bun taca faoina hobair agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhríoscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár seo ar bhonn bliantúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Treoraíonn obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí sa laistigh den oifig, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil, an obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Aithníodh an tsaincheist rialaithe inmheánaigh airgeadais seo a leanas sa bhliain 2019.

*Caiteachas ar chonradh cothabhála lenar bhain téarma tomhaiste*

Meastar go raibh luach measta €12 milliún ag conradh cothabhála téarma tomhaiste a rinneadh in 2014. Tháinig deireadh le téarma an chonartha i mí Dheireadh Fómhair 2018. In 2019, thabhaigh an Oifig caiteachas de €7.4 milliún ar oibreacha a cuireadh faoin gconradh roimh dheireadh an téarma.

Meastar go raibh luach measta €15 milliún go conradh cothabhála téarma tomhaiste athsholáthair a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2018. Go dtí deireadh 2019, thabhaigh an Oifig caiteachas de €34.7 milliún ar oibreacha a cuireadh faoin gconradh seo. Bhain €22 milliún den chaiteachas seo le hoibreacha práinneacha Bonneagair *Brexit.*

**Maurice Buckley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

25 Meán Fómhair 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le hOifig na nOibreacha Poibli agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

#### *Caiteachas faoi chonradh cothabhála*

Scrúdaigh Caibidil 6 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2018 caiteachas iomarcach an OPW faoi chonradh cothabhála sa tréimhse 2015-2018. Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla caiteachas iomarcach breise in 2019 ar chonradh cothabhála athsholáthair.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2020

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Bainistíocht riosca tuilte | 108,771 | 99,296 | 99,244 |
| B | Bainistíocht eastáit | 355,172 | 355,835 | 350,639 |
| **Ollchaiteachas** | | **463,943** | **455,131** | **449,883** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí i gCabhair** | **24,205** | **24,314** | **26,240** |
| **Glanchaiteachas** | | **439,738** | **430,817** | **423,643** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €8 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil de Chlár A ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 8,921,440 | 571,328 |
| Géilleadh iarchurtha | (8,000,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **921,440** | **571,328** |

**Maurice Buckley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

27 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 399,146 | 399,018 |
| Riarachán – Pá | | 43,487 | 39,895 |
| Riarachán – Neamhphá | | 12,498 | 10,970 |
| **Ollchaiteachas** | | **455,131** | **449,883** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **24,314** | **26,240** |
| **Glanchaiteachas** | | **430,817** | **423,643** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (10,592) | | |
| Dímheas | 4,748 | | |
| Diúscairtí – Airgead Tirim | 5,464 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (90) | (470) | (6,780) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (6,569) | | |
| Laghdú ar stoc | 135 | (6,434) | 2,416 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **423,913** | **419,279** |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí nuair a ghníomhaíonn an *OPW* mar chliant | | (106,998) | (127,015) |
| **Caiteachas díreach (gan seirbhísí gaolmhara ná seirbhísí nuair a fheidhmíonn an *OPW* mar chliant san áireamh)** | | **316,915** | **292,264** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (171,059) | (156,795) |
| **Glanchostas clár [a]** | | **145,856** | **135,469** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn glanfhigiúr chostas an chláir suim d'ioncam barúlach ná íocaíochtaí barúlacha:

- Meastar gurb ionann agus tuairim is €89.4 milliún iad na measchíosanna atá infhaighte ag an *OPW* maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit. Meastar gurb ionann agus €3.6 milliún na measchíosanna atá iníoctha ag an *OPW*.
- Níor áiríodh suimeanna leis an ráiteas i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn an *OPW* saor in aisce faoi láthair.

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 13 a iompraíodh in áit éigin eile, glan ar chostais sheirbhísí comhroinnte a leithdháileadh ar Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | 8 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 22,446 | 21,828 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 76 | 69 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí roinnte ar vótaí eile | | (193,589) | (178,700) |
| | | **(171,059)** | **(156,795)** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 3,349,956 | 3,338,779 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 40,667 | 20,375 |
| Stoic | 2.3 | 1,712 | 1,847 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 21,646 | 19,172 |
| Ioncam fabhraithe | | 3,444 | 1,076 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 13,846 | 8,761[a] |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **81,315** | **51,231** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,345 | 9,364 |
| Ioncam iarchurtha | | 343 | 52 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 45,592 | 28,700[a] |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 8,921 | 436 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **62,201** | **38,552** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 19,114 | 12,679 |
| **Glansócmhainní** | | **3,369,070** | **3,351,458** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.8 | **3,369,070** | **3,351,458** |

Nóta [a] Athluaitear iarmhéideanna dochair eile agus iarmhéideanna sochair eile ar na mbonn céanna leis an mbliain reatha ar de réir cliaint a dhéantar sin seachas de réir an chineáil caiteachais.

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Fearas agus innealra | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní á bhforbairt[b] | Iomlán[c] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | 3,317,031 | 44,018 | 26,265 | 22,367 | 1,130 | 3,410,811 |
| Coigeartú na bliana roimhe sin[d] | 620 | 199 | — | (7) | — | 812 |
| Breiseanna | 6,491 | 6,919 | 1,645 | 815 | 1,098 | 16,968 |
| Diúscairtí | (5,251) | (1,909) | (3,097) | (468) | — | (10,725) |
| Athluacháil ar dhiúscairt | 3,615 | — | — | — | — | 3,615 |
| Costas nó Luacháil an 31 Nollaig 2019 | 3,322,506 | 49,227 | 24,813 | 22,707 | 2,228 | 3,421,481 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | — | 34,020 | 22,826 | 15,186 | — | 72,032 |
| Dímheas ar choigeartú na bliana roimhe sin | — | 80 | — | — | — | 80 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,584 | 1,778 | 386 | — | 4,748 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,809) | (3,084) | (442) | — | (5,335) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | — | 34,875 | 21,520 | 15,130 | — | 71,525 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **3,322,506** | **14,352** | **3,293** | **7,577** | **2,228** | **3,349,956** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 3,317,031 | 9,998 | 3,439 | 7,181 | 1,130 | 3,338,779 |

Nóta
[a] Tugtar anailís thíos ar luachálacha talún agus foirgneamh.
[b] Ní chuimsíonn sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála a dhéantar faoi Fho-Cheannteideal B6 Oibreacha nua, athruithe agus breisithe.
[c] Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ar fhoirgnimh ar léas.
[d] Is de bharr diúscartha ar ceal go príomha coigeartú na bliana roimhe sin.

### Luacháil talún agus foirgneamh

Mar a leagtar amach sa ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, déantar sócmhainní a luacháil ag baint úsáide as boinn luachála. Déantar líon na bhfoirgneamh agus an bonn luachála a úsáideadh a leagan amach thíos.

| **Bonn luachála** | **2019** | | **2018** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon na bhfoirg-neamh** | **€000** | **Líon na bhfoirg-neamh** | **€000** |
| Luach an mhargaidh | 286 | 830,109 | 287 | 831,124 |
| Gnásanna costais tógála | 544 | 718,711 | 544 | 718,711 |
| Costas | 140 | 845,780 | 135 | 839,290 |
| Maoin ardghradaim (costas athsholáthair) | 11 | 927,906 | 11 | 927,906 |
| Maoin oidhreachta (luach nialasach) | 727 | — | 727 | — |
| | **1,708** | **3,322,506** | **1,704** | **3,317,031** |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 40,660 | 20,388 |
| Mionairgead | 7 | 8 |
| Orduithe gan íoc | — | (21) |
| | **40,667** | **20,375** |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 825 | 910 |
| Stoic iosta oidhreachta | 801 | 846 |
| Ábhair thógála | 30 | 51 |
| Stáiseanóireacht | 32 | 20 |
| Stoic ilghnéitheacha | 24 | 20 |
| | **1,712** | **1,847** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán | 943 | 658 |
| Bainistíocht riosca tuilte | 1,142 | 5 |
| Bainistíocht eastáit | 19,561 | 18,509 |
| | **21,646** | **19,172** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.10) | 12,348 | 8,603[a] |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,498 | 158 |
| | **13,846** | **8,761** |

Nóta a Rinneadh iarmhéideanna gníomhaireachta a athshonrú ar an mbonn céanna leis an mblian reatha agus atá de réir an chliaint seachas an chineáil caiteachais.

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,063 | 963 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 224 | 220 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 941 | 858 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 713 | 616 |
| Cáin bhreisluacha | 5,970 | 4,189 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 260 | 275 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 10 | 10 |
| | 9,181 | 7,131 |
| | | |
| Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.10) | 23,522 | 11,966[a] |
| Cuntais oibreacha éagsúla | 17 | — |
| Cuntais bainistíochta maoine | 10,923 | 7,543 |
| An scéim *Percent for Art* | 1,047 | 850 |
| Oidhreacht – Ilghnéitheach | 802 | 726 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | — | 104 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 100 | 380 |
| | **45,592** | **28,700** |

Nóta [a] Rinneadh iarmhéideanna gníomhaireachta a athshonrú ar an mbonn céanna leis an mblian reatha agus atá de réir an chliaint seachas an chineáil caiteachais.

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 921 | 571 |
| Géilleadh iarchurtha | 8,000 | — |
| Deontas Státchiste gan tarraingt | — | (135) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **8,921** | **436** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 40,667 | 20,375 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 13,846 | 8,761 |
| | 54,513 | 29,136 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (9,181) | (7,131) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (36,411) | (21,569) |
| | (45,592) | (28,700) |
| | **8,921** | **436** |

## 2.8 Cuntas chiste an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 3,351,458 | 3,342,029 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 439,738 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (8,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (921) | | |
| Vóta glan | | | 430,817 | 423,643 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | Nóta 1.1 | | 22,530 | 21,905 |
| Seirbhísí gaolmhara | Nóta 1.1 | | (193,589) | (178,700) |
| Seirbhísí cliaint | Nóta 1 | | (106,998) | (127,015) |
| Glanchostas cláir | Nóta 1 | | (145,856) | (135,469) |
| Coigeartuithe sócmhainní | | | 10,708 | 5,065 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **3,369,070** | **3,351,458** |

## 2.9 Tiomantais

**a) Tiomantais dhomhanda**

| Amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 13,259 | 10,328 |
| Cláir deontais neamh-chaipitil | 1,250 | 1,500 |
| Cláir deontais chaipitil | 13,199 | 12,720 |
| Tionscadail chaipitil | 38,996 | 53,055 |
| Tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí | 391,587 | 417,748 |
| **Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí** | **458,291** | **495,351** |

Bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2019 i ndáil le cíos maoine ar léas agus táillí seirbhíse gaolmhara – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí le haghaidh luathchríochnú de ghnáth. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €113.6 milliún in 2020 (2019: €107.6 milliún).

| **b)Cláir deontais neamh-chaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 1,500 | 1,750 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (250) | (250) |
| Iarmhéid deiridh | **1,250** | **1,500** |

| **c) Cláir deontais chaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 12,720 | 12,970 |
| Coigeartú [a] | 769 | — |
| Tiomantais deontais nua | 258 | — |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (548) | (250) |
| Iarmhéid deiridh | **13,199** | **12,720** |

Nóta [a] Tá gá leis an gcoigeartú sin chun deontais a fágadh ar lár in iarmhéid tosaigh 2019 a chuntas.

**d) Tionscadail chaipitil ollmhóra**

Mórthionscadail le linn na bliana 2019 ina meastar costas iomlán tionscadail aonair a bheith os cionn €10 milliún. Seo a leanas na sonraí

| Tionscadal | Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Tiomantais tionscadail sna blianta ina dhiaidh [a] | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré thion-scadal 2019 | Caiteachas iomlán ionchais ar feadh shaolré thion-scadal 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Bainistíocht riosca tuilte** | | | | | |
| Abhainn na Dothra (Scéim abhann) | 14,055 | 1,763 | 2,000 | 17,818 | 17,155 |
| Inis - Íochtarach | 18,055 | 118 | 1,000 | 19,173 | 19,000 |
| Bré | 42,176 | 151 | 250 | 42,577 | 42,576 |
| Port Láirge | 15,591 | 413 | 96 | 16,100 | 16,000 |
| Droichead na Bandan | 22,432 | 2,532 | 3,468 | 28,432 | 28,432 |
| An Sciobairín | 24,897 | 7,292 | 2,311 | 34,500 | 34,500 |
| Cloich na Coillte | 7,605 | 12,398 | 5,897 | 25,900 | 24,100 |
| Inis Theas | 777 | 4,631 | 11,992 | 17,400 | — |
| Dúglas | 1,316 | 2,888 | 15,296 | 19,500 | — |
| Baile Átha Luain | 1,963 | 2,859 | 5,928 | 10,750 | — |
| Baile Chláir | 8,719 | 1,465 | 816 | 11,000 | — |
| **Iomlán** | **157,586** | **36,510** | **49,054** | **243,150** | **181,763** |
| | | | | | |
| **Bainistíocht eastáit** | | | | | |
| *Miesian Plaza* | 19,500 | 1,790 | 2,151 | 23,441 | 23,441 |
| Teach Laighean | 7,703 | 8,561 | 377 | 16,641 | 14,867 |
| **Iomlán** | **27,203** | **10,351** | **2,528** | **40,082** | **38,308** |

Nóta [a] Tagraíonn ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin do mheastachán reatha an *Oifig* de chostais chaipitil go cur i gcrích an tionscadail.

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniúchán thíos sa chás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ó 2018 go 2019 ar cheangaltais ilbhliantúla.

**Bainistíocht riosca tuilte**

**Abhainn na Dothra (Scéim abhann)**

*Ardú ar chaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis : €663,000*

Is mar thoradh ar oibreacha breise riachtanacha a aithníodh le linn an tionscadail an t-athbhreithniú ar chostas iomlán measta an tionscadail. Baineann an caiteachas breise le costais saothair dhírigh den chuid is mó.

**Cloich na Coillte**

*Ardú ar chaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €1.8 milliún*

Is mar thoradh ar leochailleacht roinnt foirgneamh i lár bhaile Chloich na Coillte agus an t-athdhearadh a b'éigean a dhéanamh ar an tionscadal ina dhiaidh sin a rinneadh athbhreithniú ar chostas iomlán measta an tionscadail
.

**Bainistíocht eastáit**

**Teach Laighean**

*Ardú ar chaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €1.774 milliún*

Tháinig an meastachán athbhreithnithe chun cinn de bharr gur aithníodh le linn an tionscadail go raibh oibreacha breise riachtanacha ag teastáil nár tuigeadh a bheadh i gceist nuair a bhí scála na n-oibreacha a bheadh i gceist á mheas ar dtús. Trí lochtanna suntasacha sa bhfoirgneamh a cheartú cinnteofar go mbeidh glúnta atá le teacht ábalta é á áiteamh go sábháilte.

**e) Íocaíochtaí aonadacha na dtionscadal compháirtíochta príobháidí poiblí**

| | Caiteachas Carnach go Dé Luain 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Tiomantais in-fhorfheidh-mithe le dlí le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré thionscadal 2019 | Caiteachas iomlán ionchais ar feadh shaolré thionscadal 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 350,700 | 24,123 | 391,587 | 766,410 | 768,448 |

## 2.10 Soláthar seirbhísí gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn an Oifig ghníomhaire freisin, agus tabhaíonn an *Oifig* caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. Tá an maoiniú don chaiteachas seo curtha ar fáil don *Oifig* ag an roinn/gníomhaireacht urraíochta agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an clianteagrais. Ba €112.5 milliún an caiteachas iomlán sa bhliain 2019 agus bhain na príomhréimsí caiteachais le hoibreacha móra caipitil (€89 milliún; clár na scoileanna (€1.3 milliún); oibreacha cothabhála (€3.2 milliún) agus cóiríocht a léasú (€19 milliún).

**Cuntas seirbhísí gníomhaireachta**

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir | (3,363) | (14,262) |
| Íocaíochtaí | 112,520 | 89,005 |
| Fáltais | (120,332) | (78,106) |
| **Iarmhéid deiridh [a]** | **(11,175)** | **(3,363)** |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid creidmheasa deiridh €11.175 milliún comhdhéanta d’iarmhéideanna dochair gníomhaireachtaí (nóta 2.5) €12.348 milliún agus d’iarmhéideanna creidmheasa gníomhaireachtaí (nóta 2.6) €23.522 milliún.

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus idir-réiteach conartha a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Táthar neamhchinnte faoi aon mhéid dliteanais iarbhír a d'fhéadfadh a bheith ann ná an tráth a dtarlódh sin.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 41,429 | 43,487 | 39,895 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,911 | 2,332 | 2,049 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,187 | 1,229 | 1,087 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,532 | 1,727 | 1,445 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 5,250 | 6,095 | 5,195 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 1,079 | 975 | 953 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 266 | 57 | 118 |
| viii | Seirbhísí Foilseacháin an Rialtais | 170 | 83 | 123 |
| | | **52,824** | **55,985** | **50,865** |

### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas**

*Soláthar measta: €266,000, toradh: €57,000*

Ba mar thoradh ar an riachtanas le seirbhísí comhairleoireachta a bheith níos lú ná a rabhthas ag súil leis agus an caiteachas ionchais maidir le binsí fiosruithe comhionannais agus taighde margaidh in 2019 a bheith curtha ar athló go dtí 2020 a bhí an coigilteas €209,000.

## Clár A Bainistíocht Riosca Tuilte

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastа** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 10,898 | 11,567 | 10,134 |
| A.2 | Riarachán -neamhphá | 2,246 | 3,430 | 2,749 |
| A.3 | Ceannach gléasra agus innealra | 4,150 | 6,896 | 4,385 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 1,255 | 1,132 | 1,024 |
| A.5 | Bainistíocht riosca tuilte | 73,127 | 58,289 | 64,644 |
| A.6 | Draenáil — cothabháil | 17,095 | 17,982 | 16,308 |
| | | **108,771** | **99,296** | **99,244** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €9.475 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.853 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €11.328 milliún, leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.3 Ceannach gléasra agus innealra**

*Soláthar meastа: €4.15 milliún, toradh: €6.896 milliún*

Ba mar thoradh ar infheistíocht an *OPW* i bhfeithiclí nua chun astaíochtaí a laghdú agus sábháilteacht a fheabhsú an méadú €2.746 milliún. Chomh maith leis sin cheannaigh an *OPW* trealamh breise gléasra chun cuidiú le tógáil na scéimeanna faoisimh tuillte in éineacht le trealamh teicniúil d'oibríochtaí hidriméadrachta.

**A.4 Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta**

*Soláthar meastа : €1.255 milliún, toradh: €1.132 milliún*

Ba mar thoradh ar an moill a bhí ann an líon foirne réamh-mheasta a bhaint amach agus a choinneáil sa bhliain 2019 an choigilt €123,000.

**A.5 Bainistíocht riosca tuilte**

*Soláthar meastа: €73.127 milliún, toradh: €58.289 milliún*

Baineann an choigilt €14.838 le moill a bhí ar an bpróiseas pleanála i gcás roinnt mórthionscadal. Áirítear orthu sin tionscadail a cuireadh ar aghaidh do cheadú/toiliú Aireachta faoi na hAchtanna Dréineála Airtéirighe, chuig an mBord Pleanála agus faoi Chuid 10 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt chomh maith le tionscadail faoi cheadú faoi Chuid 8 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. In éineacht leis sin bhí an caiteachas ar an Scéim um Athlonnú Deonach Tithe Altranais níos lú ná a rabhthas ag súil leis mar nach bhfuil an próiseas iarratais faoin Scéim imithe chun cinn de réir mar a bhí súil leis.

**A.6 Draenáil — cothabháil**

*Soláthar measta: €17.095 milliún, toradh: €17.982 milliún*
Ba mar thoradh ar éilimh dlí a socraíodh i rith na bliana an méadú €887,000.

## Clár B Bainistíocht Eastáit

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 30,531 | 31,920 | 29,761 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 9,149 | 9,068 | 8,221 |
| B.3 | Foireann tís an Uachtaráin | 912 | 797 | 803 |
| B .4 | Deontais le haghaidh seirbhísí agus oibreacha áirithe athchóirithe | 500 | 500 | 500 |
| B.5 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | 3,480 | 2,561 | 3,780 |
| B.6 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 74,030 | 74,635 | 77,690 |
| B.7 | Cothabháil maoine agus soláthairtí | 61,478 | 64,675 | 60,720 |
| B.8 | Cíosanna | 96,520 | 91,016 | 90,772 |
| B.9 | Táillí seirbhíse agus fóntais | 11,043 | 12,319 | 10,724 |
| B.10 | Íocaíochtaí aonadacha | 25,000 | 24,123 | 24,328 |
| B.11 | Seirbhísí oidhreachta | 42,529 | 44,221 | 43,340 |
| | | **355,172** | **355,835** | **350,639** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €663,000 níos airde ná mar a soláthraíodh. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó an éagsúlacht:

**B.3 Foireann tís an Uachtaráin**

*Soláthar measta: €912,000, toradh: €797,000*
Tharla coigilteas €115,000 in 2019 mar gheall ar fholúntais foirne den chuid is mó.

**B.5 Ceannach láithreán agus foirgneamh**

*Soláthar measta: €3.48 milliún, toradh: €2.561 milliún*

Baineann an gannchaitheamh €919,000 le ceannacháin mhaoine a bhí á mbreithniú le linn na bliana nach ndeachaigh chun cinn nó nár tugadh chun críche.

**B.7 Cothabháil maoine agus soláthairtí**

*Soláthar measta: €61.478 milliún, toradh: €64.675 milliún*

Ba mar thoradh ar chostas níos airde a bhain le seirbhísí cothabhála a chur ar fáil, go háirithe foirgnimh níos sine a chothabháil, a bhí an méadú €3.197 milliún. Chomh maith leis sin, tugadh roinnt oibreacha i gcrích níos túisce ná mar a bhí súil leis agus a bhí an costas don *Oifig* ar sheirbhísí cliaint níos airde ná mar a measadh.

**B.8 Cíosanna**

*Soláthar measta: €96.52 milliún, toradh: €91.016 milliún*

Ba mar thoradh ar cheist ama a bhain le glacadh le léasanna a bhí an gannchaitheamh €5.504 milliún ar chaiteachas cíosa. Chomh maith leis sin, ní raibh an t-athbhreithniú cíosa tugtha chun críche laistigh den tréimhse a measadh.

**B.9 *Táillí seirbhíse agus fóntais***

*Soláthar measta : €11.043 milliún, toradh: €12.319 milliún*

Ba mar thoradh ar shocrúchán agus íocaíocht a rinneadh i ndiaidh idirbheartaíochtaí a mhair i bhfad faoi mhuirir seirbhíse agus a bhain leis an mbliain roimhe sin i gcás dhá mhaoin an méadú €1.276 milliún ar chaiteachas.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 3,150 | 3,882 | 4,541 |
| 2 | Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna | 3,500 | 5,045 | 4,412 |
| 3 | Fáltais le haghaidh seirbhísí foilseacháin Rialtais | 630 | 697 | 737 |
| 4 | Aisghabhálacha i leith seirbhísí ar tugadh fúthu ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | — | — | — |
| 5 | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 2,300 | 1,631 | 2,475 |
| 6 | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla | 10,500 | 8,223 | 10,057 |
| 7 | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 200 | 2,837 | 1,054 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 3,925 | 1,999 | 2,964 |
| | Iomlán | **24,205** | **24,314** | **26,240** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó 1 Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €109,000 níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

**1 Cíosanna, táillí ceadúnais etc.**

*Meastachán: €3.15 mhilliún, réadaithe: €3.882 milliún*

Bhain an méadú €732,000 den chuid is mó le híocaíocht a rinneadh luath ar ioncam cíosa crainn i leith 2020, difear ama ar ioncam cíosa 2018 agus ar riaráistí cíosa a bhailiú.

**2 Bainistíocht imeachtaí agus áiseanna**

*Meastachán: €3.5 milliún, réadaithe: €5.045 milliún*

Bhain an méadú €1.545 milliún den chuid is mó le líon níos mó cuairteoirí ná mar a bhí súil leis chuig trí shuíomh - Caisleán Bhaile Átha Cliath, Caisleán Chill Chainnigh agus Farmleigh in éineacht agus le hardú ar an táille isteach chuig péire de na suíomhanna.

***5 Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla***

*Meastacháns: €2.3 milliún, réadaithe: €1.631 milliún*

Bhain an laghdú €669,000 le nach raibh aon mhórimeacht ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce sa bhliain 2019.

***6 Táillí isteach chuig séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla***

*Meastachán: €10.5 milliún, réadaithe: €8.223 milliún*

Ba mar thoradh ar tháillí isteach chuig Brú na Bóinne/Newgrange a bheith ar fionraí fad a bhí obair ar bun ar an suíomh an laghdú €2.277 milliún. Chomh maith leis sin, bhí laghdú ar líon na gcuairteoirí chuig roinnt suíomhanna ar fud na tíre.

***7* Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc.**

*Meastachán: €200,000, réadaithe: €2.837 milliún*

Bhain an méadú €2.637 milliún den chuid is mó leis an €1.241 milliún a fuarthas ó mhaoin stáit a dhíol agus €334,000 a aistriú a bhí dlite don Státchiste nuair a bhí na cuntais réitithe.

***8* Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntaisar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €3.925 milliún, réadaithe: €1.999 milliún*

Ba mar thoradh ar mheastachán níos airde ná mar a bhí ag teastáil an €1.926 milliún. Tá an soláthar measta don bhliain 2020 coigeartaithe anois chun an ró-mheastachán a ghlacadh san áireamh agus tá sin leasaithe ag dul chun cinn.

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 An líon fostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 803 | 724 |
| Gráid shonracha *OPW* | 1,270 | 1,049 |
| | **2,073** | **1,773** |

### 5.2 Pá

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Pá** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 40,167 | 37,057 |
| Gráid shonracha *OPW* | 47,143 | 45,887 |
| | | |
| **Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 228 | 210 |
| Gráid shonracha *OPW* | 2,137 | 2,022 |
| | | |
| **Ragobair** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 86 | 81 |
| Gráid shonracha *OPW* | 3,225 | 3,169 |
| | | |
| **Tinreamh breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid shonracha *OPW* | 2,497 | 2,414 |
| | | |
| **ÁSPC an fhostóra** | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 3,005 | 2,548 |
| Gráid shonracha *OPW* | 5,827 | 5,561 |
| | | |
| Pá iomlán | 104,315 | 98,949 |

Nóta Áirítear sa bhfigiúr iomlán pá do 563 ball foirne sealadach agus séasúrach sa bhliain 2019 (2018: 551 comhalta foirne).

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| **Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 44 | 7 | 20,614 | 20,596 |
| Gráid shonracha *OPW* | 1,090 | — | 9,795 | 10,292 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 26 | — | 8,957 | 11,644 |
| Gráid shonracha *OPW* | 1,033 | 85 | 38,016 | 54,401 |
| **Tinreamh breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid shonracha *OPW* | 864 | 7 | 13,994 | 13,233 |
| **Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin** | | | | |
| Gráid shonracha na státseirbhíse | 5 | 1 | 10,175 | 9,409 |
| Gráid shonracha *OPW* | 1,072 | 191 | 38,691 | 55,076 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €12,305.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 34 | 48,216 | 31,371 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 14 | 28,412 | 14,345 |

D’aistrigh seisear a raibh plean aisghabhála de luach €2,193 i bhfeidhm acu chuig Ranna eile i rith na bliana.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais cúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh a bronnadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh arna ndéanamh ag: fostaithe** | | | | | | |
| Éilimh dhíobhála pearsanta | | | | | | |
| - a socraíodh in 2019 | 4 | 26 | — | 2,051 | 2,077 | 564 |
| - socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 3 | 14 | — | — | 14 | 29 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Éilimh dhíobhála pearsanta | | | | | | |
| - a socraíodh in 2019 | 4 | 39 | 30 | 219 | 288 | 217 |
| - socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill | 20 | 30 | 83 | — | 113 | 17 |
| Éilimh chaillteanais nó dhíobhála a socraíodh in 2019 | 14 | 2 | 2 | 356 | 360 | 37 |
| | | **111** | **115** | **2,626** | **2,852** | **864** |

### 6.2 Costais Eadrána agus Chomhréitigh

Áirítear ar chaiteachas in 2019 íocaíochtaí €6.001 milliún (2018: €6.732 milliún) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí comhréitigh agus eadrána. Bhí sé chás ann in 2019 (2018: seacht). Áirítear sna figiúirí táillí CBL, dlí agus gairmiúla.

## 6.3 Ús agus cúiteamh

Rinne an *OPW* íocaíochtaí ús pionóis agus cúitimh dar luach €69,798 ar an iomlán in 2019 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2018: €58,893). B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an *OPW* in 2019 agus €418 milliún, agus bhí 91,571 íocaíocht inríofa ann san iomlán.

## 6.4 Díscríobh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí gan íoc ó chuideachtaí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh | 2 | — |